Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Ábhar:

An Chreat Teidlíochta a Chur ar Fáil Faoi 2013; TREOIR AR SHOCRUITHE TACAÍOCHTA AR AN CHREAT TEIDLÍOCHTA DO SCOILEANNA AGUS DO PHOBAIL FOGHLAMA CEANTAIR

Uimh. Chiorcláin: DE 2009/08

Dáta Eisiúna: 22 Meitheamh 2009

Sprioclucht léite:

- Príomhoidí agus Boird Gobharnóirí (BnaG) gach iar-bhunscoile deontaschúnta agus scoile speisialta ina bhfuil roinn meánscoile;
- Boird Oideachais agus Leabharlann (BOL)
- Coláistí Breis- agus Ard-Oideachais (BO agus AO);
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha Faoi Chothabháil (CCMS);
- Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG);
- Comhairle Thuaisceart Éireann don Oideachas Imeasctha (NICIE);
- An Chomhairle Churaclaim, Scrúdúcháin agus Mheasúnaithe (CCEA);
- An Chomhairle Ghinearálta Teagaisc do Thuaisceart Éireann (GTCNI); agus
- Foireann Chur i bhFeidhm an Údaráis Oideachais agus Scileanna(ESAIT).

Feasacht Gobharnóra: Riachtanach

Stádas Ábhair:
Mar eolas agus le haghaidh gnímh ag scoileanna

Achoimre ar Ábhar:

Leagann an ciorclán seo amach, arna eisiú ag an Roinn Oideachais, forbairt pholasaí an Chreat Teidlíochta agus tugann mionsonraí ar na socruithe tacaíochta le cuidiú le scoileanna dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an Chreat Teidlíochta a chur ar fáil faoi 2013.

Doiciméid Ábhartha:

Feic Iarscríbhinn A

Dáta Eaga: N/Bh

Fiosruithe:
Ba chóir fiosruithe ar bith a bhaineann le hábhar an Chiorcláin seo a chur chuig :

Laverne Bradley
Foireann14-19
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

Láithreán Gréasáin RO:
http://www.deni.gov.uk

RO: Teil: 028 9127 9887
Facs: 028 9127 9100

Is féidir cóipeanna breise a fháil ach glaoch ar Teil: 028 9127 9889

Intreoir

1. Ciorclán RO 2008/12 - Socruithe Tacaíochta don Chreat Teidlíochta- Meitheamh 2008, leag sé amach cúlra reachtaiochta an Chreat Teidlíochta (CT). Tá athbheithniú déanta ag an Roinn ar na socruithe atá ann le tacú le scoileanna maidir le cur i gcrích an CT ar bhonn comhoibrithe agus is é aidhm an chiorcláin seo na socruithe athbhreithnithe a leagan amach agus na difríochtaí idir iad agus socruithe 2008/09 a léiriú. Ionas go dtig le scoileanna bheith ag pleanáil go héifeachtach agus le cur chuige leanúnach a chinntiú, is beag athrú atá tagtha ar na socruithe athbhreithnithe tacaíochta mar a shonraítear i gCiorclán RO 2008/12 "*Entitlement Framework Support: Guidance On Arrangements for 2008/09 School Year".*

2. Ba chóir an ciorclán seo a léamh i gcomhar leis na doiciméid ábhartha a liostaítear thuas, go háirithe *DE 2008/12* agus *DE 2006/20A ;"Delivering the Entitlement Framework", DE 2007/06 and DE 2007/20.*

Lorraine Finlay

Foireann 14-19

Soláthar Chreat Teidlíochta 2013; Treoir do scoileanna agus Pobail Foghlama Ceantair

Socruithe Tacaíochta don Chreat Teidlíochta ó 2009/10

An Creat Teidlíochta sa chomhthéacs is leithne

1. Is cuid dhílis é an Creat Teidlíochta d'oideachas daoine óga taobh istigh den Churaclam Athbhreithnithe ag Eochairchéim 4 agus os a chionn agus níor chóir breathnú air mar rogha bhreise nó tionscnamh gearrthéarmach. Is cuid lárnach an riachtanas le cúrsaí agus cosáin níos leithne agus ina bhfuil níos cothromaíochta a chur ar fáil do dhaoine óga sa chuspóir iomlán atá againn caighdeáin a ardú i ngach iar-bhunscoil agus na leibhéil tearcghnóthachtála oideachais atá ann faoi láthair a laghdú. Sa chomhthéacs sin, is cuid dhílis é an CT dár bhfís do scoileanna rathúla mar a leagtar amach in "Gach Scoil ina Scoil Mhaith" [1], mar atá:

- Soláthar leanbhlárnach;
- Teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin;
- Ceannasaíocht éifeachtach; agus
- Nasc leis an phobal áitiúil.

2. Is é aidhm polasaí uileghabhálach an CT rathaíocht a thabhairt do gach dalta iar-bhunscolaíochta d'aois 14 bliana agus os a cionn go bhfaighidh siad níos mó de rogha agus de sholúbthacht trí fháil a bheith acu ar réimse leathan deiseanna foghlama a fhóireann dá riachtanais, dá gcumais agus dá réimsí suime, beag beann ar a n-áit chónaithe nó ar an scoil ar a bhfuil siad ag freastal.

Ó Mheán Fómhair 2013, is é an rún atá ag an Aire go mbeidh ar scoileanna íosmhéid cúrsaí a sholáthar do gach dalta ag ECH 4 (24 an sprioc) agus íosmhéid cúrsaí ag iar-16 (27 an sprioc). Sa dá chás, ní mór gur cúrsaí ginearálta trian de na cúrsaí agus gur cúrsaí feidhmeacha trian eile. Ba mhaith leis an Roinn cur chun cinn leanúnach nó luas a chur faoin chur chun cinn, i dtreo na spriocanna seo.

[1] "Every School a Good School – A Policy for School Improvement" DE April 2009 (an Beartas um Fheabhsú – Gach Scoil ina Scoil Mhaith)

Dul chun cinn go dáta: An t-iniúchadh ar líne

3. Is príomhtháscaire a chuireann ar chumas RO dul chun cinn scoileanna a mheas maidir le soláthar an CT is ea anailís ar an churaclam forbartha atá á thairscint. Tá léargas ag teacht chun soiléire ón eolas in iniúchadh ar líne an CT, ní hé amháin léargas ar an tairscint reatha churaclaim do dhaltaí ach, chomh maith leis sin, ar an luas agus ar an réimse socruithe comhoibritheacha atá á bhforbairt idir scoileanna agus i gcomhar leis an earnáil Bhreis-Oideachais. Ar bhonn réigiúnda, is ábhar sásaimh an leibhéal comhoibrithe agus an tairscint mhéadaithe churaclaim do dhaltaí.
Mar sin féin, tá bealach fada le dul go fóill má tá scoileanna le bheith réidh le cloí leis na riachtanais reachtúla ón bhliain 2013 agus ba chóir go mbeadh scoileanna ag sainaithint na bpríomhchloch míle agus na gcéad chéimeanna eile atá de dhíth lena chinntiú go mbeidh siad réidh leis na riachtanais a bhaineann leis an Chreat Teidlíochta a chomhlíonadh faoin bhliain 2013.

4. Mar léiriúchán air seo, sa bhliain 2008/09:-

- Thairg 46 scoil neamhroghnaíoch (30.6%) fáil ar 24 cúrsa nó níos mó do Bhliain 11 ar cúrsaí feidhmeacha trian díobh.
- Níor thairg scoil ghramadaí ar bith fáil ar 24 cúrsa nó níos mó ag Bliain 11 ar cúrsaí feidhmeacha trian díobh.
- Chomhlíon 16 Scoil iar-bhunoideachais ina bhfuil soláthar iar-16 (9.3%) riachtanais an CT iomláin go mbeadh fáil ar íosmhéid 27 cúrsa ar cúrsaí feidhmeacha trian díobh[2].

5. Cé go bhfuil an t-eolas iniúchta fíorúsáideach don Roinn ag an leibhéal straitéiseach, is uirlis iontach é an mioneolas áitiúil le pleanáil ag leibhéal scoile agus Pobal Foghlama Ceantair (ALC) a éascú. **Ba chóir go mbeadh scoileanna agus ALCanna ag úsáid na mionsonraí ón iniúchadh agus ón phleanáil dá réir, ag leagan amach spriocanna do na trí bliana atá romhainn (2009/10, 20010/11, 20011/12).** Dearadh socruithe tacaíochta an CT leis an phleanáil seo a éascú.

6. **Agus iad ag pleanáil a dtairscint churaclaim ní mór do scoileanna agus d'ALCanna gan an fócas a chur ar riachtanais institiúidí ná ar an churaclam thraidisiúnta a bhí ag scoileanna aonair. Ina áit sin, ní mór an fócas a bheith ar**

[2] ATógadh gach figiúr ó "Entitlement Framework Audit Report 2008/09"

riachtanais agus ar ardmhianta gach dalta i gceantar agus ar na cúrsaí agus ar na cosáin atá ag freastal orthu a shainaithint. Ba chóir go mbeadh scoileanna, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhoibritheach laistigh den ALC, ag athbhreithniú a dtairscint churaclaim, agus go háirithe an chomhleanúnachais agus na cothromaíochta a bhaineann le cúrsaí ginearálta agus cúrsaí feidhmeacha agus glacadh na gcúrsaí sin atá á dtairscint lena chinntiú go bhfuil siad ábhartha maidir le riachtanais gach dalta sna scoileanna laistigh den ALC.

7. Níor cuireadh tús go fóill leis an reachtaíocht a bhaineann leis na huimhreacha sainithe óir ba mhian leis an Roinn Oideachais béim a chur ar scoileanna a machnamh a dhéanamh ar chaighdeán agus ar chomhleanúnachas a dtairsceana chomh maith le fócas ar líon na gcúrsaí a mhéadú seachas deifir a dhéanamh le líon áirithe cúrsaí a thabhairt isteach. Tá an "líon" ann mar chuid den aidhm iomlán: tairscint leathan chothrom agus oideachas níos fearr do dhaoine óga mar thoradh uirthi, ní fheictear é mar aidhm ann féin.

8**.** Tairgeann na háiseanna agus an saineolas atá san earnáil BO (agus i roinnt eagras oiliúna) réimse leathan de dheiseanna agus de chosáin nua do dhaltaí agus is tábhachtaí arís an ról a bheidh ag na Coláistí BO maidir leis an tairscint churaclaim fheidhmeach a fhorbairt do dhaoine óga. De réir mar a athbhreithníonn agus a phleanálann scoileanna an tairscint churaclaim ina gceantair, is ríthábhachtach go meastar an méid a bheadh le tabhairt ag **gach** soláthraí agus, nuair is cuí, ba chóir go mbeadh na soláthraithe seo páirteach i bplé den chineál seo. Ba chóir gurbh é an aidhm deiseanna do dhaoine óga a uasmhéadú a fhad is go seachnaítear dúbailt oibre idir scoileanna agus leis an earnáil BO agus le soláthraithe eile.

9. Ba chóir gur chuid dhílis den phróiseas comhairliúchán le daltaí agus le tuismitheoirí. Aithnítear, áfach, go mbíonn difear idir roghanna daltaí agus roghanna tuismitheoirí thar thréimhsí ama agus, má thairgtear cúrsa a ndiúltaíonn na daltaí dó ar bhonn leanúnach, ba chóir go n-athbhreithneodh scoil oiriúnacht an chúrsa sin i dtairscint churaclaim na scoile.

Maoiniú breise leis an CT a sholáthar

10. Faoi na socruithe reatha faoi scéim Bhainistíocht Áitiúil Scoileanna (LMS), faigheann Bord Gobharnóirí gach scoile deontaschúnta buiséad tarmligthe leis na costais a

bhaineann le soláthar an churaclaim do dhaltaí ina gcuid scoileanna a íoc. **Tá Maoiniú Tacaíochta CT ar fáil mar ranníocaíocht maidir leis na costais bhreise a bhaineann leis an rochtain a mhéadú trí chomhoibriú le scoileanna agus le soláthraithe eile**. Is é an phríomhaidhm atá leis an mhúnla reatha maoinithe do thacaíocht CT ná dóigh le hacmhainní a dháileadh ar scoileanna a chuireann ar a gcumas an CT a phleanáil agus a sholáthar trí chlár inbhainistithe comhleanúnach tairscint mhéadaithe churaclaim. **Níl cead ag scoileanna acmhainní tacaíochta EF a úsáid le heasnamh buiséid scoileanna a chumhdach. Chomh maith leis sin, níl cead ag scoileanna acmhainní tacaíochta EF a úsáid le háiseanna atá ar fáil sa cheantar áitiúil cheana féin a dhúbailt, ar a n-áirítear iad siúd ar fáil cheana féin san earnáil BO.**

11. Mar a bhaineann le sainmhaoiniú eile, caithfear an tacaíocht seo a chaitheamh le linn bhliain airgeadais 2009/10 agus ba chóir a húsáid le costais a bhaineann le soláthar comhoibritheach tairscint mhéadaithe churaclaim do dhaltaí a íoc.
Ní mór gach caiteachas agus gníomhaíocht bheith ina nithe breise ar an ghnáth-ghníomhaíocht atá á maoiniú cheana féin faoi fhoirmle LMS agus ba chóir gur ghníomhaíocht ar leith í seachas cláir eile atá á maoiniú ag RO, ag a comhlachtaí neamhrannacha nó ag forais sheachtracha féin ar nós Chláir Roinnte Oideachais I agus II atá á maoiniú ag Ollscoil na Banríona ar son an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn agus *Atlantic Philanthropies.*

Athbhreithniú ar shocruithe 2008/09

12. Ba iad na socruithe don bhliain 2008/09 an chéad bhliain inar tugadh ról iomlán ceannaitheora do scoileanna agus iad ag déanamh socruithe comhoibritheacha agus tá dul chun cinn suntasach déanta le linn na bliana. Tá anailís déanta ag an Roinn ar aiseolas ó scoileanna ar na socruithe a fuarthas go díreach uathu nó ó Oifigigh Forbartha (DOanna) an CT. Ba í an anailís sin ba bhonn leis na leasuithe a rinneadh ar na socruithe tacaíochta don bhliain 2009/10 agus tá na mionsonraí a bhaineann leo in áit eile sa treoir seo. Ardaíodh roinnt pointí ar bhonn leanúnach, áfach, agus is fiú aird a tharraingt orthu:

- Ní mór Comhaontú Leibhéal Seirbhíse a bhunú sula gcuirtear tús leis an soláthar comhoibrithe. Cuireann Airteagal 21 d'Ord (Tuaiseart Éireann) Oideachais 2006[3] ar chumas scoileanna socruithe a dhéanamh go soláthróidh

[3] Féach Ciorcláin RO 2007/20 agus 2007/06 le haghaidh tuilleadh eolais.

institiúid Bhreis-Oideachais nó soláthraí eile meánoideachas ar son scoile. Tá socruithe den chineál seo faoi réir comhaontú scríofa agus ní mór go n-áirítear mionsonraí sainiúla ar cheisteanna ar a n-áirítear tréadchúram, caighdeán an tsoláthair, an bunús atá le costais ar bith atá le tabhú nó le gearradh nó ceisteanna ar bith eile atá riachtanach, dar le Bord na nGobharnóirí. Déanfaidh RO iarracht a chinntiú go bhfuil cur chuige leanúnach i gceist maidir leis an cheist seo agus ba chóir go gcinnteodh scoileanna go bhfuil na doiciméid seo ar fáil sa scoil más gá am ar bith le linn na scoilbhliana.

- Le cur ar chumas ALCanna feidhmiú go héifeachtach, ba chóir go mbeadh **pleananna gníomhaíochta ALC** ar bun in am don scoilbhliain nua seachas iad a fhorbairt le linn na bliana. Ba chóir go dtógfadh na pleananna nua ar phlean 2008/09 agus, le go mbeadh straitéisí éifeachtacha monatóireachta agus luachála i gceist, ní mór do spriocanna bheith Sainiúil, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réadúil agus Uainithe (SICRU) agus **dírithe ar thorthaí do dhaoine óga seachas ar thomhais gníomhaíochta.**

- Ba chóir go mbeadh na spriocanna agus na straitéisí a leagtar amach sna Pleananna Gníomhaíochta ALC le feiceáil i **bPleananna Forbartha scoileanna aonair.** Ba chóir gur chroíghníomhaíocht de chuid scoileanna an t-ullmhúchán do sholáthar an CT.

- Bhí ról iontach tábhachtach ag scoileanna speisialta i bhforbairt na socruithe comhoibrithe agus is mian le RO go leanfaidh an obair seo ar aghaidh. Is é an rún atá ag an Roinn cur chuige den chineál a bhfuil cur síos air sa chiorclán seo a chur i bhfeidhm agus é bunaithe ar “theidlíocht” chuí do dhaltaí a bhfuil ráitis Sainriachtanais Oideachais (SEN) acu (ar a n-áirítear iad sin a ndéanfar soláthar oideachais orthu i suíomh gnáthscoile). Aithníonn RO, áfach, go mb’fhéidir nach cuí i gcónaí do dhaltaí SEN na cúrsaí leibhéal 2 agus leibhéal 3 a thairgtear faoin CT agus iad siúd atá cuí nach gcomhlíonann siad i gcónaí riachtanais an CT mar atá cur síos air faoi láthair i gCiorclán RO 2007/23. Tá obair ag leanúint ar aghaidh lena fháil amach cad é atá oiriúnach maidir le daltaí a bhfuil ráiteas acu, ar a n-áirítear fiosrú ar chúrsaí agus ar chláir staidéir nach bhfuil creidiúnaithe faoi láthair ach atá, mar sin féin, oiriúnach do dhaltaí aonair.

- Sa bhliain 2009/10 beidh baint dhíreach idir maoiniú do Scoileanna Speisialta agus an maoiniú a fuair siad anuraidh agus soláthróidh RO meastachán do gach Scoil Speisialta bunaithe ar leithdháileadh 2008/09.

Treoir ar Shocruithe do 2009/10

Tosaíochtaí Cláir

13. Is ionann na tosaíochtaí do na socruithe Tacaiochta CT sa bhliain 2009/10 agus mar a bhí anuraidh, mar atá:-

- réimse na gcúrsaí leibhéal 2 ag ECH 4 agus cúrsaí leibhéal 3 ag Iar-16 a mhéadú agus béim ar chúrsaí feidhmeacha, le go gcomhlíonfar riachtanais agus ardmhianta daoine óga agus le tacú le forbairt eacnamaíochta;
- tacú le hobair na ALCanna le cur ar chumas scoileanna, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhoibrithe, a dtosaíochtaí féin maidir le soláthar an CT laistigh den cheantar áitiúil a shocrú, ag cur threoir agus chritéir RO san áireamh;
- tacú le scoileanna a dtairscint churaclaim a mhéadú ar dhóigh inbhainistithe chomhleanúnach, ag cinntiú go bhfuil meaitseáil idir cosáin dul chun cinn inmhianaithe agus an teaglaim de chúrsaí a roghnaíonn daoine óga; agus
- tacú le comhoibriú le dúbailt soláthair nach dteastaíonn a sheachaint, an tionchar atá ag saineolas agus ag acmhainní a úasmhéadú le leas daoine óga agus ranganna nach bhfuil inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta a réasúnú.

14. Áireofar maoiniú tacaíochta sa bhliain 2009/10 ar bhonn scoile aonair i 4 ghné (sonraítear na socruithe 2009/10 d'Ard-Scoileanna Sóisearacha i bparagraf 32):

- **An Ghné Fhoirmle Iniúchadh CT Ar Líne** - a áirítear trí eolas deimhnithe ó gach scoil atá san Iniúchadh CT Ar Líne a úsáid;
- **An Ghné Forbartha Inscoile** –ag ráta seasta dar suim £5,000 an scoil;
- **An Ghné Chomhoibrithe** –suas go £10,000 an scoil laisitigh den ALC;
- **An Ghné Chúrsa Nua** – Íocfar ranníocaíocht bhreise i leith an chostais a bhaineann le soláthar nua feidhmeach a chur ar bun i nDeireadh Fómhair/Samhain 2009, bunaithe ar líon daltaí agus ag ráta nár socraíodh go fóill. Ní thabharfar maoiniú ach do chúrsaí nua feidhmeacha a thairgtear ar bhonn comhoibritheach in 2 scoil nó níos mó nó in 2 scoil nó níos mó agus i gColáiste BO nó soláthraí eile atá le feiceáil in iontrálacha scoileanna in iniúchadh ar líne Dheireadh Fómhair.

An Ghné Fhoirmle Iniúchadh Ar Líne

15. Tá mionsonraí in Iarscríbhinn B ar na rátaí bunúsacha agus ar na fachtóirí ualaithe a úsáidfear leis an ghné fhoirmle-bhunaithe den leithdháileadh ar scoileanna a riomh. Dála 2008/09 úsáidfear an cur chuige foirmle seo sa bhliain 2009/10.

16. Beidh an ghné seo ar fáil do gach scoil agus beidh baint dhíreach idir tairscint churaclaim na scoile, an modh soláthair agus líon na ndaltaí atá páirteach. Chomh maith leis sin, beidh ualú níos airde ag scoileanna tuaithe, mar chúiteamh go príomha ar chostais níos airde iompair. Maidir leis an chleachtadh seo, aicmíodh scoileanna mar 'scoil thuaithe' nó 'scoil chathrach' bunaithe ar aicmiú a bpostchód agus bailte dar daonra 4,500 nó níos mó. Is eol don Roinn nach léiriú beacht ar shuíomh scoile na teorainneacha reatha aicmiú cathrach/tuaithe mar a shainmhínítear iad sna Críocha Forbartha Lonnaíochta (SDLanna). Beidh an Roinn ag athbhreithniú úsáid na sainmhíniúchán seo sa bhliain atá romhainn agus súil acu meicníocht a fhorbairt ar fearr a léiríonn sí eispéireas scoileanna, i dtaca le costais iompair go háirithe.

17. Déanfar leithdháileadh ar bhonn siarghabhálach ar an dóigh chéanna a gcuirtear Foirmle Chomónta Maoinithe Bhainistíocht Áitiúil Scoileanna (LMS) i bhfeidhm. Bunófar figiúirí don bhliain 2009/10 ar eolas a thugann scoileanna don bhliain 2008/09.

18. Beidh fáil ag gach scoil trí láithrean gréasáin Iniúchadh Ar Líne CT ar mheastachán ar mhaoiniú ghné Iniúchadh Ar Líne CT chomh maith leis an eolas a thugann agus a dheimhníonn an príomhoide.

Athruithe ar an ghné fhoirmle do 2009/10

19. Bunaithe ar an chéad bhliain d'fheidhmiú na foirmle, rinneadh roinnt leasuithe don bhliain 09/10 le riar níos fearr ar eispéiris scoileanna. Is féidir an t-oibriú amach orthu seo a fheiceáil in Iarscríbhinn B, ach is féidir iad a achoimriú mar seo:

- Bunaithe ar aiseolas ó scoileanna agus ó DOnna, rinneadh an cóimheas maonithe do "onnmhairiú agus "allmhairiú" a inbhéartú le go léireofaí níos éifeachtaí eispéiris na scoileanna comhoibrithe. Sa bhliain 2009/10, mar sin de, leithdháilfear sciar níos airde den mhaoiniú a tharraingíonn cúrsa comhoibrithe ar an scoil "onnmhairithe" óir is iondúil go n–íocann an scoil seo sciar níos airde de na costais a bhaineann le soláthar an chúrsa.

- Is eol do RO go bhféadfadh líon na ndaltaí bheith íseal go leor nuair a sholáthraítear cúrsa 2 bhliain den chéad uair agus d'fhéadfadh dídhreasacht a bheith i gceist maidir le tairscint mhéadaithe churaclaim, go háirithe nuair atá an fhoirmle bunaithe ar líon ranga barrmhaith de 14 agus í á híoc go siarghabhálach.

Le tabhairt faoi seo, déanfar ráta athbhreithnithe a phíolótáil le linn 2009/10 do sholáthar nua feidhmeach iar-16 a thairgfear ar bhonn comhoibrithe, is é sin, cúrsaí a thairgfear ar bhonn comhoibrithe agus a ghlacann 2 scoil nó níos mó den chéad uair i mBliain 13 (ní mór don chúrsa bheith nua don dá scoil i 09/10). Beidh cúrsaí nua a thargfear trí BO nó trí sholáthraithe eile i dteideal maoinithe faoin ghné seo má tá siad á reáchtáil ag dhá scoil nó níos mó ar bhonn comhoibritheach. Leithdháilfear an ghné seo den mhaoiniú i nDeireadh Fómhair/Samhain i ndiaidh dhruidim an iniúchadh ar líne. Coinneofar an ghné seo, chomh maith le hualú féideartha eile den chineál chéanna ag ECH 4, faoi athbhreithniú sa bhliain 2010/11. Cuirfear an t-ualú a bheidh i gceist do sholáthar nua den chineál seo in iúl do scoileanna le himeacht ama.

- Maidir le cúrsaí a sholáthraíonn BO, déanfar fachtóirí ina gceithre bhanda ar an chéatadán de chúrsa atá á sholáthar ag BO, bunaithe ar eolas ón iniúchadh 2008/09 (féach tuilleadh mionsonraí in Iarscríbhinn B)

An Ghné Forbartha Inscoile

20. Is é £5,000 an leibhéal maoinithe faoin ghné seo sa bhliain 2009/10 agus leithdháilfear é leis an Ghné Fhormle Iniúchadh Ar Líne.

21. Is gá go dtuigeann baill foirne, ag gach leibhéal, an coincheap agus an réasúnaíocht a bhaineann le cur i bhfeidhm an CT; an nasc idir é agus curaclam ECH 3; agus mar a chuireann sé le caighdeáin a ardú agus le scoileanna a fheabhsú. Leithdháiltear an ghné seo le cuidiú le scoileanna feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar an CT i ngach roinn scoile. Ba chóir go mbeadh an obair seo comhlántach leis na tosaíochtaí a aithnítear don ALC. Ba chóir an maoiniú seo a úsáid le tacú le gníomhaiochtaí a bhaineann le CT, go háirithe:

- múnlú curaclaim agus taighde ar chúrsaí oiriúnacha;
- feasacht a ardú ar fud na scoile faoin tairscint agus faoi na háiseanna atá ar fáil san earnáil BO;
- tuiscint ar chúrsaí feidhmeacha a mhéadú; agus/nó
- gníomhaíochtaí comhordaithe inscoile lena chinntiú go bhfuil an tairscint churaclaim comhleanúnach agus comhtháite.

D'fhéadfaí gur mhaith le scoileanna an ghné seo a úsáid le blianacht in-athnuaite a íoc le múinteoir(í) bheith mar "chura(i)dh" don CT laistigh den scoil.

An Ghné Chomhoibrithe

22. Tá an ghné seo dírithe ar na scoileanna sin atá rannpháirteach laistigh de ALC. Is é is aidhm dó tacú le coincheap an ALC agus a chinntiú go gcuireann scoileanna soláthar reatha áitiúil san áireamh agus iad ag pleanáil soláthar nua le go seachnófar dúbailt oibre nach bhfuil gá lei. Cuireann na hacmhainní seo le gach gníomhaíocht ábhartha **ar léir go gcuireann siad le soláthar an CT** agus d'fhéadfaí go n-áireofái orthu bunú agus cur i bhfeidhm struchtúir bhainistíochta an ALC ar a n-áirítear córais do :

- pleanáil straitéiseach;
- foghrúpaí ALC agus cumhdach ionadaíochta agus forbairt foirne dá réir;
- dearbhú cáilíochta an tsoláthair;
- costais comhordú pobail;
- cuairteanna staidéir agus taighde; agus
- tacaíocht riaracháin.

23. Nuair atá conarthaí fostaíochta/comhaontuithe conartha i gceist, do Chomheagraithe ALC mar shampla, ba chóir go mbeadh siad ag comhlíonadh gnáthaimh reatha fostaíochta agus go mbeadh torthaí soiléire comhaontaithe agus spriocanna soláthair acu. Beidh RO ag obair sna míonna atá romhainn leis na DOnna agus leis na ALCanna agus d'aidhm acu cur síos poist comónta a fhorbairt do Chomheagraithe ALC.

24. Táthar ag dúil fosta le go mbeidh spriocannna CEAIG[4] ag gach ALC a thacaíonn le tosaíochtaí forbairt churaclaim an ALC. Ba chóir go mbeadh siad seo bunaithe ar thaighde dian ar chúrsaí atá ar fáil tríd an iniúchadh ar líne, láithreán gréasáin NDAQ, roghanna daltaí agus tuismitheoirí agus uirlisí agus sonraí eile a úsáid.

25. Ní liosta cuimsitheach atá thuas agus is faoi na páirtithe laistigh den ALC a bheidh sé teacht ar chomhaontú ar an dóigh is fearr le tacaíocht a thabhairt ionas go mbainfear amach na spriocanna leis an tacar CT de Phlean Gníomhaíochta an ALC a sholáthar. Ba chóir go gcinnteodh scoileanna, áfach, go **bhfuil na gníomhaíochtaí ag cur leis na tosaíochtaí do mhaoiniú CT** a leagadh amach sa chiorclán cheana.

26. Ba chóir spriocanna SICRU a bheith i gceist agus, nuair is féidir, iad a shainaithint i ndiaidh anailís chuimsitheach dhian ar staid reatha an ALC. Ba chóir go ndíreodh spriocanna ar:

[4] Féach "Preparing for Success – a Guide to Developing Effective Career Decision Makers" RO Eanáir 2009 le haghaidh tuilleadh eolais.

- Gnóthachtáil agus dul chun cinn (ní ar rochtain amháin), agus nasc le spriocanna PSA nuair is cuí;
- An céatadán den chohórt KS4 (agus iar-16) atá ag gabháil do chúrsaí feidhmeacha a mhéadú;
- An réimse cúrsaí atá le soláthar sa bhliain 2010 agus sna blianta ina dhaidh sin a mhéadú leis na spriocanna a bhaint amach faoin bhliain 2013;
- Cúrsaí atá le soláthar ar bhonn comhoibrithe ó Mheán Fómhair 2009 ar aghaidh;
- Cumas na foirne laistigh den ALC a fhorbairt lena gcomhfhreagracht a thuiscint agus leis na torthaí is fearr agus is féidir a sholáthar do dhaoine óga laistigh den ALC trí chur i ngníomh an CT.

Plean Feidhmithe CT

27. Is suim airgid **suas go £10,000** do gach scoil laisitigh den ALC a bheidh sa ghné Chomhoibrithe sa bhliain 2009/10. Caithfidh gach scoil **Plean Feidhmithe CT** a scríobh a achoimríonn na príomhthosaíochtaí agus príomhchostais ó Phlean Gníomhaíochta an ALC, a shainaithníonn na croíthosaíochtaí don cheantar agus a léiríonn an caiteachas atá beartaithe don bhliain 2009/10 a bhaineann le feidhm na gné seo. I mbliana, tá formáid chomónta ar láithreán gréasáin iniúchadh an CT don Phlean Feidhmithe CT ar chóir do ALCanna a chomhlánú ar líne, rud a chuireann ar a gcumas a dTosaíochtaí agus Cuspóirí Straitéiseacha agus Spriocanna don bhliain 2009/10 a athbhreithniú agus iad a chomhaontú do na blianta 2010/11, 2011/12 agus 2012/13.

28. Athosclófar an t-iniúchadh CT i dtéarma an fhómhair agus **Comhlánóidh na ALCanna an pro-forma Phlean Feidhmithe CT sula ndruideann an t-iniúchadh i nDeireadh Fómhair 2009.** Beidh mionsonraí sa Phlean seo ar chostais agus ar bhearta a bhaineann leis na Tosaíochtaí, Cuspóirí agus Spriocanna comhaontaithe agus is féidir teacht ar an teimpléad éigeantach in Iarscríbhinn C.

29. Leithdháilfidh an Roinn an ghné Chomhoibrithe den mhaoiniú tacaíochta nuair a bheidh an Plean Feidhmithe CT chomhlánaithe agus sínithe ar líne ag gach scoil in ALC. Léireoidh sé seo gurb é atá déanta ag gach scoil:

- glacadh le téarmaí tagartha/bunreacht agus modh oibre ALC ainmnithe;

- tosaíochtaí a shainaithint maidir leis an tairscint churaclaim do dhaltaí a mhéadú agus plean gníomhaíochta costáilte a chomhaontú agus é sínithe ag ball de Bhord na nGobharnóirí seachas príomhoide gach scoile; agus
- Comhaontú(uithe) Leibhéal Seirbhíse (SLA) a chur ar bun a chumhdaíonn gach soláthar taobh amuigh den scoil.

30. Leagann an teimpléad éigeantach ar láithreán gréasáin an iniúchadh CT an t-íosmhéid a iarrann RO le go gcuirfí ar chumas RO agus na n-údarás bainistíochta faoi seach (agus ESA ó Eanáir 2010) monatóireacht éifeachtach a dhéanamh. Beifear ag dúil go dtáirgfidh Scoileanna agus ALCanna Pleananna Gníomhaíochta ag leibhéal feidhmitheach ina bhfuil a thuilleadh mionsonraí faoi bhearta comhaontaithe, cúrsaí sainiúla, mionsonraí ar chostais atá le tabhú srl, agus tá cead ag ALCanna a bhformáidí féin a úsáid iontu seo. Cé nach gá i gcónaí na pleananna mionsonraithe seo a chur chuig RO, d'fhéadfadh sí na pleananna seo a iarraidh lena scrúdú am ar bith sa bhliain agus ba chóir go mbeadh siad ar fáil ach a n-iarraidh.

31. Mar is léir ó na teimpléid éigeantacha, tá RO ag dúil go mbeidh gach scoil agus ALC ag beartu spriocanna do na trí bliana atá romhainn, i dtreo soláthar iomlán an CT faoi 2013 agus ina dhiaidh sin. Mar atá luaite thuas, is iad na pleananna seo, chomh maith leis na sonraí ón Iniúchadh CT Ar Líne, an príomhghléas trína ndéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn i dtreo an CT agus trína gcleachtfaidh scoileanna, údaráis bhainistíochta agus RO cuntasacht chuí ar an mhaoiniú a leithdháilfear faoi thacaiocht CT.

Socruithe Tacaíochta d'Ard-Scoileanna Sóisearacha

32. Fáiltíonn an Roinn roimh bhallraíocht ghníomhach na nArd-Scoileanna Sóisearacha laistigh de na ALCanna i gceantar Craigavon agus í i bhfáth lena chinntiú go gcuidíonn na Socruithe Tacaíochta le rannpháirtíocht na scoileanna seo. Tig le hobair Ard-Scoileanna Sóisearacha ag ECH 3 cur le tuiscint mhéadaithe ar sholáthar an CT agus i gcásanna áirithe, tig leis na scoileanna seo bheith rannpháirteach i soláthar méadaithe ag ECH 4 laistigh den ALC. I dtaca le maoiniú tacaíochta a leithdháileadh sa bhliain 2009/10, aithnítear trí chatagóir leathana scoileanna:

Catagóir 1

Ard-Scoileanna Sóisearacha ina bhfuil daltaí ag Eochairchéim 3 agus Eochairchéim 4 - Maoineofar na scoileanna seo mar a mhaoineofar gach scoil eile ina bhfuil soláthar 11-16, is é sin, beidh siad i dteideal na 4 ghné a rochtain ar an acht go gcomhlíonann siad na coinníollacha a bhaineann le gach gné.

Catagóir 2

Ard-Scoileanna Sóisearacha ina bhfuil daltaí ag Eochairchéim 3 agus Aonad Speisialta do dhaltaí ECH 4 a bhfuil ráiteas SEN acu - Beidh na scoileanna seo i dteideal:-

- **an ghné iniúchadh ar líne** do chúrsaí atá inrochtana ag daltaí ECH 4 ar an acht go gcomhlíontar coinníollacha;
- **an ghné fhorbairt inscoile** dar suim £5k le tuiscint iomlán scoile ar an CT agus a impleachtaí ag ECH 4 agus aistriú go hArd-Scoil Shinsearach ag ECH 3/4 a éascú;
- **an ghné chomhoibrithe <u>suas go</u> £5k** bunaithe ar Phlean Feidhmithe CT aontaithe (féach Iarscríbhinn C) le ballraíocht den phobal foghlama ceantair a éascú; agus
- An ghné Cúrsa Nua nuair a chomhlíontar coinníollacha.

Catagóir 3

Ard-Scoileanna Sóisearcha ina bhfuil daltaí ECH 3 amháin - beidh na scoileanna seo i dteideal:-

- **an ghné fhorbairt inscoile** dar suim £5k le tuiscint iomlán scoile ar an CT agus a impleachtaí ag ECH 4 agus aistriú go hArd-Scoil Shinsearach ag ECH 3/4 a éascú;
- **an ghné comhoibrithe <u>suas go</u> £5k** bunaithe ar Phlean Feidhmithe CT aontaithe (féach Iarscríbhinn C) le ballraíocht den phobal foghlama ceantair a éascú;

Maidir le catagóir 2 agus 3, athbhreithneofar an ghné chomhoibrithe ag an Roinn agus ag Oifigigh Forbartha an CT lena chinntiú go bhfreastalófar mar is ceart ar riachtanais na scoileanna seo.

Monatóireacht agus luacháil: **Dul chun cinn sa bliain 2008/09 agus pleanáil don bhliain 09/10**

33. Beidh RO ag obair i bpáirt leis na DOnna le cuidiú le scoileanna pleanáil d'fheidhmiú an CT. I ndiaidh eisiúint an Chiorcláin seo, chomh maith le meastacháin bhainteacha bunaithe ar an fhoirmle agus ar na gnéithe thuasluaite, tá rún ag RO sraith cruinnithe a thionól leis na DOnna agus le hionadaithe roinnt ALCanna le dul chun cinn a athbhreithniú ar na Pleananna Gníomhaíochta a cuireadh isteach don bhliain 08/09 agus le pleananna ALC don bhliain 09/10 a phlé. Socrófar na cruinnithe seo nuair a mheasann RO agus Oifigigh Forbartha an CT iad a bheith de dhíth.

34. Cuirfidh sé seo deis ar fáil d'oifigigh RO a fháil amach faoi dhul chun cinn ar an obair laistigh de na ALCanna ó dhaoine a bhfuil taithí phearsanta acu ar an obair sin agus tabharfaidh sé deis do Chathaoirligh agus/nó Comheagraithe na ALCanna soiléiriú a iarraidh ar ghnéithe de na socruithe tacaíochta CT.

Ról ETI

35. Ag glacadh leis gur cuid dhílis den soláthar curaclaim ag ECH 4 agus ag Iar-16 an CT, iarrfaidh RO ar an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI), mar chuid den ghnáthphróiseas cigireachta scoile, trácht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo sholáthar an CT agus ar chomhleanúnachas agus ar chaighdeán na tairsceana curaclaim i ngach scoil.

36. Déanfaidh RO a machnamh ar an fhianaise ón Iniúchadh Ar Líne agus ón fhianaise cháilíochtúil a bhaileoidh an ETI le linn cigireachtaí scoile agus ceantair le cinneadh a dhéanamh ar an dóigh is fearr le cuidiú le forfheidhmiú an CT. Athbhreithneofar an fhoirmle agus d'fhéadfaí í a leasú lena chinntiú go dtacaíonn sí le cuspóirí polasaí an CT agus le forbairtí is leithne oideachais agus go bhfuil luach ar airgead á fháil. Leanfaidh RO den mhonatóireacht ar dhaltaí i dtéarmaí gnóthachtála agus dul chun cinn.

Ról Oifigigh Forbartha an CT

37. Tá ról lárnach ag Oifigigh Forbartha (DOnna) an CT agus iad ag tacú le scoileanna cinneadh a dhéanamh faoi na socruithe is oiriúnaí maidir le soláthar an CT agus leanfaidh siad d'obair leis na ALCanna ar bhonn comhairleach lena chinntiú go bhfuil na pleananna ag cur le tosaíochtaí an CT.

38. Tá mioneolas ag DOnna an CT ar shocruithe áitiúla agus is iad is fearr le plé le fiosruithe tosaigh a bhaineann le Socruithe Tacaíochta CT. Ba chóir do scoileanna a dtairscint shealadach maoinithe a mheas i gcomhthéacs an chiorcláin seo agus má tá ceisteanna ar bith ba mhaith le scoileanna a ardú maidir leis an ábhar atá ann nó le feidhmiú Ghné na Foirmle Iniúchadh Ar Líne, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis na DOnna ábhartha le soiléiriú a iarraidh. Nuair is cuí, cuirfidh an DO ceisteanna nár réitíodh go fóill faoi bhráid na Roinne agus déanfar iad a mheas. Ba chóir an t-eolas ábhartha bheith mar thaca le ceist ar bith a ardaítear leis an Roinn ionas go dtig léi an cheist a mheas go hiomlán. D'fhéadfaí go n-áireofaí air seo, fianaise ó Iniúchadh Ar Líne an CT agus/nó eolas atá sa SLA. Más ábhartha fianaise SLA, ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcuirfear comhaontuithe deiridh sínithe ar aghaidh chuig RO óir ní féidir dréacht-dhoiciméid a chur san áireamh ar an ábhar nach gcomhlíonann siad riachtanais reachtúla.

Amchlár leithdháileadh acmhainní

Dáta	Gníomhaíochtaí
Meitheamh 2009	• Eiseofar treoir agus meastachán ar Leithdháileadh Tacaíochta CT le scoileanna. • Déanfaidh scoileanna machnamh ar an leithdháileadh agus díreoidh siad aird na DOnna CT ábhartha ar cheist ar bith atá acu. • Déanfaidh RO machnamh ar cheisteanna ar bith a ardaíonn scoileanna. • Gheobhaidh scoileanna leithdháileadh Fhoirmle CT agus Fhorbairt Inscoile. • Déanann ALCanna athbhreithniú ar dhul chun cinn agus aontaíonn siad tosaíochtaí athbhreithnithe agus na cuspóirí straitéiseacha a ghabhann leo do 2009/10,2010/11 agus 2011/12 .
Deieadh Fómhair 2009	• Tugann ALCanna pleananna gníomhaíochta costáilte chun críche agus iarrann daingniú ag BnaG scoileanna aonair. • Comhlánaíonn scoileanna aonair agus ALCanna an t-iniúchadh ar líne agus pro-forma an Phlean Feidhmithe. • Leithdháileadh na gné Cúrsa Nua agus Comhoibrithe de Dheontas Tacaiochta CT ar scoileanna.

IARSCRÍBHINN A

Doiciméid Ábhartha

Eisíodh na doiciméid seo a leanas le scoileanna agus tá siad ar fáil fosta ar láithreán gréasáin na RO http://www.deni.gov.uk/index.htm

- DE 2006/20 – Entitlement Framework – Further Guidance
- DE 2006/20A – Delivering the Entitlement Framework
- DE 2006/24 - Approval of Qualifications, and Guidance on the Classification of Courses
- DE 2007/06 - The Education (2006 order) (Commencement No. 1) order (Northern Ireland) 2007
- DE 2007/20 - The Education (2006 order) (Commencement No. 2) order (Northern Ireland) 2007
- DE 2007/23 - Approval of Qualifications, and Guidance on the Classification of Courses
- DE 2008/12 – EF Support: Guidance on Arrangements for 2008/09 school year.
- "Preparing for Success – a Guide to Developing Effective Career Decision Makers" DE January 2009 (Ag Ullmhú Don Rathú Lacht – Treoir Chun Cinnteoirí Eifeachtacha Gairme a Fhorbairt)
- Every School a Good School – A Policy for School Improvement" DE April 2009 (an Beartas um Fheabhsú – Gach Scoil ina Mhaith)

Agus:

- "Entitlement Framework Audit Report 2008/09"' WELB CASS Research and Development Unit ar fáil ó; www.efaudit.org/site/

IARSCRÍBHINN B

Gné Iniúchadh Ar Líne CT - Foirmle Bhonnlíne

Sainmhíníonn Ciorclán RO 2007/23 cúrsa ag ECH 4 agus Iar-16 agus is iad na sainmhíniúcháin seo a shocraíonn an líon uaireanta d'fhoghlaim faoi threoir a mhaoineoidh RO. Socraíodh bonnlíne na foirmle ar na tuiscintí seo a leanas:

- Le go n-áirítear iad mar chuid den CT tá uaireanta sainithe d'fhoglaim faoi threoir
    - Is iondúil go mbíonn ar a laghad 160 ufft (uaireanta foghlama faoi threoir) thar thréimhse 2 bhliain i gcúrsa leibhéal 2 ag ECH 4;agus
    - Is iondúil go mbíonn ar a laghad 320 ufft thar thréimhse 2 bhliain i gcúrsa leibhéal 3 ag Iar-16.
- Is é £65 an meánráta uaire BO do chúrsa, bunaithe ar mheánmhéid ranga de 14 daltaí;
- Is iondúil go mbíonn cúrsaí feidhmeach praiticiúil ó nádúr agus ba chóir go mbeadh siad laistigh de na treoirlínte ar Mhéid Ranganna in Ábhair Phraiticiúla.
- Nuair is cáiliúchán dúbailte nó triarach atá i gceist gheobhaidh siad a dhó nó a thrí oiread na gné ábhartha (féach láithreán gréasáin an iniúchta le haghaidh mionsonraí).

Foirmle Bhonnlíne

ECH 4 -160ufft x £65 / 2 /14= £371.42 Slánaithe go **£372** an dalta

16 + -320ufft x £65 / 2 /14 = £742.85 Slánaithe go **£743** an dalta

Gnéithe Ualaithe

Gné Dhalta-Bhunaithe					
Cúrsaí Ginearálta			**Cúrsaí Feidhmeacha**		
Soláthar	**U/R**	**Toisc**	**Soláthar**	**U/R**	**Toisc**
A Scoil Féin	U R	0.00 0.00	A Scoil Féin	U R	0.00 0.00
Scoil Eile Onnmhairiú	U R	0.125 0.150	Scoil Eile Onnmhairiú	U R	0.25 0.30
Óstscoil Allmhairiú	U R	0.25 0.30	Óstscoil Allmhairiú	U R	0.50 0.60
BO	U R	0.25 0.30	BO/TO (Eagras Oiliúna)	U R	1.00 1.20
Páirt-	U	**Nasc díreach leis an mhód soláthair agus**	Eile – páirt-	U	**Nasc díreach leis an mhód soláthair agus**

soláthar ag Bo/Eile Soláthraí	R	**% den pháirt-soláthar**	soláthar	R	**% den pháirt-soláthar**

Luach airgeadúil bunaithe ar thosca ualaithe

Gné Dhalta-Bhunaithe – ECH4 – Figiúr bonnlíne = £372					
Cúrsaí Ginearálta			**Cúrsaí Feidhmeacha**		
Soláthar	**U/R**	**£**	**Soláthar**	**U/R**	**£**
A scoil féin	U R	0.00 0.00	A scoil féin	U R	0.00 0.00
Scoil eile Onnmhairiú	U R	47.00 56.00	Scoil eile Onnmhairiú	U R	93.00 112.00
Óstscoil Allmhairiú	U R	93.00 112.00	Óstscoil Allmhairiú	U R	186.00 223.00
BO	U R	93.00 112.00	BO/TO	U R	372.00 446.00
Páirt-soláthar ag BO/ Soláthraí Eile	U R	**Nasc díreach leis an mhód soláthair agus % den pháirt-soláthar**	Eile – páirt-soláthar	U R	**Nasc díreach leis an mhód soláthair agus % den pháirt-soláthar**

Luach airgeadúil bunaithe ar thosca ualaithe

Gné Dhalta-Bhunaithe – Iar-16 –Figiúr Bonnlíne - £743					
Cúrsaí Ginearálta			**Cúrsaí Feidhmeacha**		
Soláthar	**U/R**	**£**	**Soláthar**	**U/R**	**£**
A scoil féin	U R	0.00 0.00	A scoil féin	U R	0.00 0.00
Scoil eile Onnmhairiú	U R	93.00 112.00	Scoil eile Onnmhairiú	U R	186.00 223.00
Óstscoil	U	186.00	Óstscoil	U	372.00

Allmhairiú	R	223.00	Allmhairiú	R	446.00
BO	U R	186.00 223.00	BO/TO	U R	743.00 892.00
Páirt-soláthar ag Bo/Soláthraí Eile	U R	**Nasc díreach leis an mhód soláthair agus % den pháirt-soláthar**	Eile– páirt-soláthar	U R	**Nasc díreach leis an mhód soláthair agus % den pháirt-soláthar**

Iarscríbhinn C

Plean Feidhmithe an Chreat Teidlíochta

Cuid1: Mionsonraí Pobal Foghlama Ceantair

Ainm: ……

Páirtithe : …….. ……
…….. ……
……. ……
……. ……
……. ……

Cathaoirleach: ……

r-phost: ……

teil: ……..

Príomh-Oifigeach(igh) Forbartha :……

Cuid 2: Luacháil ar Phlean Gníomhaíochta Pobal Foghlama 2008-2009

Spriocanna 2008/09	**Luacháil / Fianaise**	**Athbhreithniú ar Shonraí Cainníochtúla**	**Réimsí Forbartha**

Cuid 3 Tosaíochtaí Straitéiseacha CT do 2009/2012 (ar a n-áirítear impleachtaí na sonraí cainníochtúla)

1:
2:
3:
4:

Cuid 4: Spriocanna SICRU[5] CT 2009/10 leis na tosaíochtaí straitéiseacha a sholáthar

Tosaíocht Straitéiseach 1:

2009/10
2010/11
2011/12

Tosaíocht Straitéiseach 2:

2009/10
2010/11
2011/12

[5] Ag diriú ar sholáthar cúrsa agus ar fhorbairt acmhainne laistigh den ALC (féach thuas)

Tosaíocht Straitéiseach 3:

2009/10
2010/11
2011/12

Tosaíocht Straitéiseach 4:

2009/10
2010/11
2011/12

Cuid 5: Plean Gníomhaíochta Pobal Foghlama Ceantair 2009/10

Spriocanna SICRU le baint amach (Cáilíochtúil agus Cainníochtúil) ***Cén ceann scríbe atá romhainn?***	**Critéir Ratha** Cad é mar a bheidh a fhios againn go bhfuil ceann scríbe bainte amach againn? (Cáilíochtúil) (Cainníochtúil)	**Cur chuige le húsáid/ Bearta le déanamh**

Riachtanais Acmhainní/Inseirbhíse	Tacaíocht de dhíth	Freagracht as Gníomhaíocht	Monatóireacht agus Luacháil (go háirithe torthaí do dhaoine óga)

Cuid 6:
Tuilleadh mionsonraí ar líon na gcúrsaí atá le soláthar ó Mheán Fómhair 2009 agus dul chun cinn i dtreo soláthar an CT

Scoil	2008/09		2009/10		2010/11		2011/12		2012/13	
	Feidhmeach	Ginearálta	Feidhmeach	Ginearálta	Feidhmeach	Ginearálta	Feidhmeach	Ginearálta	Feidhmeach	Ginearálta
Scoil A										
Scoil B										
Scoil C										
Scoil D										

Cuid 7: Leithdháileadh acmhainní 1

Scoil	Tosaíocht 1		Tosaíocht 2		Tosaíocht 3		Tosaíocht 4		Iomlán le leithdháileadh ar gach scoil	
Scoil A										
Scoil B										
Scoil C										
Scoil D										

1 Féach sampla comhlánaithe ar an chead leathanach eile.

Scoil	Tosaíocht 1		Tosaíocht 2		Tosaíocht 3		Tosaíocht 4			
	Cumhdach Ionadaíochta-Grúpa straitéiseach		Cumhdach Ionadaíochta-foghrúpa CEIAG	Muintearas/ taisteal	Cumhdach Ionadaíochta– foghrúpa curaclaim	Forbairt Foghlama Ar Line	Comheagraí Forbairt Straitéiseach	Cumhdach Ionadaíochta Monatóireacht /Luacháil	Gné Chomhoibrithe	
Ard-Scoil Áitiúil	£1,900		£1,100	£1,000	£1,200	£2,100	£2,100	£600	£10,000	
Ard-Scoil Eile	£1,900		£1,100	£1,000	£1,200	£2,100**	£2,100*	£600	£10,000	
Ard-Scoil Naomh A	£1,900		£1,100	£1,000	£1,200	£2,100**	£2,100*	£600	£10,000	
Ard-Scoil Naomh B	£1,900		£1,100	£1,000	£1,200	£2,100	£2,100*	£600	£10,000	
Scoil Speisialta	£1,900		£1,100	£1,000	£1,200	£2,100	£2,100*	£600	£10,000	
An Scoil Ghramadaí	£1,900		£1,100	£1,000	£1,200	£2,100**	£2,100*	£600	£10,000	
	£11,400		£6,600	£6,000	£7,200	£12,600	£12,600	£3,600	£60,000	

* Seasann do ranníocaíocht ó gach scoil le hArd-Scoil Áitiúil le costas fostaíochta Comheagraí Pobal Foghlama a chumhdach.
** Seasann do ranníocaíocht ó gach scoil to le scoileanna páirtíochta atá ag forbairt OLTE ar son an Phobal Foghlama.